

**Nuair a bhí Joe tinn  
Ceacht a hAon**

Naisc leis an gCuraclam:		
<b>OSPS</b>	<b>Snáith:</b> Mise	<b>Snaithaonad:</b> Ag fás agus ag athrú
<b>Stair (OSIE)</b>	<b>Snáith:</b> Ag obair mar stairí	<b>Snaithaonad:</b> Am agus cróineolaíocht
<b>Gaeilge</b>	<b>Snáith:</b> Labhairt	<b>Snaithaonaid:</b> Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga

**Gníomhaíocht a hAon – Plé ar an scéal Nuair a bhí Joe tinn  
Gníomhaíocht a Dó – Ó bhun go barr  
Gníomhaíocht a Trí – Líne Ama na mBréagán**

**Cuspóirí:**

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí páirt a ghlacadh sa phlé ar an scéal Nuair a bhí Joe tinn.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht Ó bhun go barr ag déanamh comparáid agus ag féachaint ar na difríochtaí ó bheith ina leanbh/ina pháiste anois.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí Líne Ama le breagáin a ullmhú i ngrúpaí.*

**Gníomhaíocht a hAon - Plé ar an scéal Nuair a bhí Joe tinn**

- Cothaigh plé ar an scéal i ngrúpaí. “*An cuimhin leat Joe ón scéal Nuair a bhí Joe tinn? An leanbh beag a bhí ann? Buachaill mór? Duine fásta?*”
- Iarr ar na páistí an plé a roinnt le chéile.
- “*An raibh Joe in ann a rá le Jackie conas mar a mhothaigh sé? Conas a fuair sí amach conas a mhothaigh sé? An cuimhin leatsa bheith i do leanbh?*” Pléigh.

**Gníomhaíocht a Dó - Ó bhun go barr**

- Iarr ar na páistí ligint orthu, go fisiciúil, gur leanbh arís iad, ó bhun go barr. Tóg do chuid ama, ag tabhairt deis do na páistí smaoinemh ar a gcosa, a lámha, aghaidh, guth ... gach cuid den chorp mar leanbh.
- Ansin déan plé ar cad atá athraithe ó shin. Féach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí: “*Nuair a bhí mé i mo leanbh ní raibh mé in ann siúl ... anois is feidir liom siúl, agus canadh ...*”
- Iarr ar na páistí cuimhneamh ar na bréagáin a bhí in úsáid acu mar pháistí agus na bréagáin a bhíonn acu anois.

**Gníomhaíocht a Trí - Líne Ama na mBréagán**

- Oibríonn na páistí i ngrúpaí arís agus bíonn grúpa pictiúirí (na bréagáin) ag gach grúpa.
- Iarr ar na páistí plé a dheanamh ar na bréagáin ar fad, agus tuairim a phlé ar cén aois páiste gur leo gach bréagán – leanbh óg, leanbh níos sine, nó páiste cosúil leo féin.
- Cuir na pictiúir in ord ar na boird (os comhair an ghrúpa) ag déanamh Líne Ama na mBréagán (ón leanbh beag go dtí an paiste mór). Déan plé mar ghrúpa iomlán.
- Críochnaigh le hamhráin mar gheall ar bhréagáin, má tá a leithéid ar eolas ag an ngrúpa. (Mar shampla 'Teidí Beag Álainn'.)

•  
•  
•



DHgate.com  
Fast Trading Marketplace

•  
•  
•  
•  
•  
•  
•  
•

[www.dhgate.com](http://www.dhgate.com)





- 
- 
- 
- 
- 
- 
- 
- 

[thisisme-sarahmumof3.blogspot.com](http://thisisme-sarahmumof3.blogspot.com)